## PREASÉISIÚINT Uimh. 126/22

**Lucsamburg, an 14 Iúil 2022**

Breithiúnais na Cúirte i gcásanna uamtha C-59/18, an Iodáil v an Chomhairle agus C-182/18, Comune di Milano v an Chomhairle, i gcásanna uamtha C-106/19, an Iodáil v an Chomhairle agus an Pharlaimint agus C-232/19, Comune di Milano v an Pharlaimint agus an Chomhairle, agus i gcás C-743/19, an Pharlaimint v an Chomhairle

# Socrú shuíomh EMA agus ELA: Is ag reachtóir an Aontais atá an chumhacht chun cinneadh a dhéanamh maidir leis agus ní ag na Ballstáit

*Is gníomhartha de chineál polaitiúil iad cinntí arna nglacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát chun suíomh nua EMA agus suíomh ELA a ainmniú, nach bhfuil aon éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha acu, fiú mura féidir leo a bheith in n-ábhar do chaingean neamhnithe.*

An 20 Samhain 2017, roghnaigh Ionadaithe Rialtais na mBallstát cathair Amstardam a chur in ionad Londain mar shuíomh nua na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA).

I mí an Mheithimh 2019, chinn siad freisin go mbeadh suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) nuachruthaithe sa Bhratasláiv.

Cuireann an Iodáil agus Comune di Milano i gcoinne an chinnidh arna ghlacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát suíochán EMA a shocrú in Amstardam agus i gcoinne Rialachán 2018/1718 [1] lena socraíodh, tar éis an chinnidh seo, an suíomh sin sa chathair sin. Os a choinne sin, cuireann Parlaimint na hEorpa i gcoinne an chinnidh arna ghlacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát suíomh ELA a shocrú sa Bhratasláiv .

Ina breithiúnais a tugadh inniu, **diúltaíonn an Chúirt, ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, do na hachomhairc go léir.**

Tugann an Chúirt dá haire ar dtús nach bhféadfaadh  gníomhartha arna nglacadh le chéile ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát a bheith faoi réir athbhreithniú ar dhlíthiúlacht arna fheidhmiú ag breitheamh an Aontais faoi Airteagal 263 CFAE.

Is gá fós nach cinneadh ón gComhairle iarbhír an gníomh sin, arna ghlacadh mar institiúid de chuid an Aontais.

Sna cúinsí seo, déanann an Chúirt scrúdú, ar an gcéad dul síos, ar an gceist an bhfuil an inniúlacht chun suíomh chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a chinneadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag gníomhú dóibh de thoil a chéile de bhun na rialach a leagtar síos in Airteagal 341 TFUE nó an ag reachtóir an Aontais atá sé.

**Rialaíonn an Chúirt nach mbaineann Airteagal 341 CFAE le suíomh chomhlacht, oifig nó ghníomhaireacht de chuid an Aontais a ainmniú, amhail EMA agus ELA.**

[1] Rialachán (AE) 2018/1718 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 14 Samhain 2018, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (IO 2018, L 291, lch. 3).

**Mar sin, is ag reachtóir an Aontais Eorpaigh atá an chumhacht chun cinneadh a dhéanamh maidir le socrú shuíomh EMA agus ELA**, agus an fhreagracht gníomhú chuige sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos le forálacha na gConarthaí atá infheidhme go hábhartha.

Dá bhrí sin, measann an chúirt nach féidir **na cinntí arna nglacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát, faoi seach, i mí na Samhna 2017 agus i mí an Mheithimh 2019 chun suíomh nua EMA agus suíomh ELA a shocrú**, a aicmiú mar ghníomhartha de chuid na Comhairle. A mhalairt ar fad, is ionann an cinneadh sin agus gníomh arna ghlacadh i dteannta a chéile agus de chomhthoil idir ionadaithe rialtais na mBallstát.

Tar éis dó a bheith glactha ag na Ballstáit i réimse nach bhforáiltear sna Conarthaí do ghníomhaíocht uathu ina leith, níl aon éifeacht cheangailteach dlíthiúil ga na cinntí atá i gceist i ndlí an Aontais. Is cinntí polaitiúla **de chuid na mBallstát** iad seo, **nach féidir leo a bheith in n-ábhar do chaingean neamhnithe de bhun Airteagal 263 CFAE**.

Maidir leis na caingne atá dírithe i gcoinne **Rialachán 2018/1718**, déanann an Chúirt **na hargóintí go léir a chuir Comune di Milano agus rialtas na hIodáile in iúl, bunaithe ar sháruithe ar shainchumais na Parlaiminte, chomh maith le neamhdhleathacht an Rialacháin seo mar thoradh ar neamhrialtacht líomhnaithe an nós imeachta as ar tháinig cinneadh ionadaithe na mBallstát an 20 Samhain 2017 chun Amstardam a ainmniú mar shuíomh nua EMA, a dhíbhe**.

I ndáil leis sin, measann an Chúirt gur gníomh comhair pholaitiúil gan luach ceangailteach é an cinneadh seo ar dóigh dó teorainn a chur le cumhachtaí lánroghnacha reachtóir an Aontais. Mar sin, ní féidir a mheas go bhfuil **an Pharlaimint, sa chás seo, tar éis a cumhachtaí reachtacha a thréigean trí bhreithniú a dhéanamh uirthi féin a bheith faoi cheangal ag an gcinneadh atá i gceist.**

Measann an Chúirt freisin go mbeadh deis ag an bParlaimint, i gcás easaontais le cinneadh polaitiúil ó na Ballstát suíomh EMA a aistriú go hAmstardam, cur i gcoinne léiriú an chinnidh sin i ngníomh reachtach de chuid an Aontais.

**MEABHRÚ:** Is é is aidhm do chaingean le haghaidh neamhniú gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais atá contrártha do dhlí an Aontais a chur ar neamhní. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh Ballstáit, institiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. Má tá bunús maith leis an gcaingean, déantar an gníomh a neamhniú. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear de bharr neamhniú an ghnímh a leigheas.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre na mbreithiúnais (C-59/18 agus C-182/18, C-106/19 agus C-232/19, agus C-743/19) ar shuíomh gréasáin CURIA lá a bhfógartha.

Teagmháil phreasa: Amanda Nouvel ✆ (+352) 4303 2524

Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

Bígí nasctha!